

Obair Bhaile Gaeilge



Leabhar 13

Ainm _____ Rang _____



Obair Bhaile 1

préachán	pióg	pasta	pónairí
próca	puball	portán	pluid

Cuir na focail seo in ord aibítreach. Amharc ar an dara nó an tríú litir.

- pasta
- _____
- _____
- _____
- _____
- _____
- _____
- puball

a b c d e f g h i
j k l m n o p q r
s t u v w x y z

Obair Bhaile 2

préachán	pióg	pasta	pónairí
próca	puball	portán	pluid

Líon na bearnaí leis na focail atá sa bhosca.

1. Itheann daoine a lán _____ san Iodáil.
2. Rinne maimeo _____ don dinnéar.
3. Chuir mamaí _____ thar an bhabaí.
4. Is maith liom _____ ar arán rósta.
5. Bhain an _____ liomóg as mo ladhar.
6. Déanann an _____ callán uafásach.
7. Chuir mo dhaidí an _____ in airde nuair a bhí muid ag campáil.
8. Cheannaigh mamaí _____ suibhe sa siopa.



Obair Bhaile 3

Scríobh na habairtí seo amach agus scríobh an focal i gcló trom san uimhir iolra.

Leid: Cuir ‘í’ roimh an chonsan deiridh

an pantar

na pantair

1. Tá **an pantar** ina chónaí sa dufair.
2. Tá **an peileacán** ina chónaí cois farraige.
3. Thig le **platapas** cónaí ar an talamh nó in uisce.
4. Tá deich gcos **ag portán**.
5. Rinne **an préachán** nead sa chrann.
6. Tharraing mé **pictiúr** de na hainmhithe uilig.



Obair Bhaile 4

Picnic ar an Trá

“Tá lá galánta ann inniu,” arsa daidí, “rachaidh muid chuig an trá agus beidh picnic againn ann!”

Chuidigh gach duine le gach rud a dhéanamh réidh agus, gan mórán moille, bhí muid uilig ar an trá. Bhí an ghrian ag soilsiú agus bhí áthas ar gach duine. Bhí na páistí óga uilig ag tógáil caisleán gainimh nó ag lapadaíl san uisce. Bhí ocras an domhain orm, bhí mé ag iarraidh greim bia a fháil.

“An mbeidh an phicnic againn anois?” arsa mise go hocrach.

“Nach tú atá santach a Liam,” arsa mamaí. “Tá muid díreach i ndiaidh an trá a bhaint amach. Fan tamaillín eile.”

Bhí an ghrian iontach láidir agus chuir mamaí agus daidí puball beag suas do na páistí beaga. Chuaigh siad ar siúlóid ina dhiaidh sin.

Chuir mé pluid síos ar an ghaineamh agus luigh mé síos. Chuir mé an ciseán picnice isteach sa phuball ar eagla go mbeadh an bia ró-the, ach bhí an t-ocras ag cur isteach orm go fóill.

“Beidh greim ghasa agam,” arsa mise liom féin agus d’amharc mé isteach sa chiseán.

Bhí a lán rudaí deasa sa chiseán; bhí pióg ann, pasta, pónairí fuara agus próca suibhe. Rinne mé ceapaire suibhe dom féin agus ghlac mé deoch fhiosaí.

Shuigh mé siar ar mo chathaoir trá agus d’ith mé liom. Chaith mé an crústa ar shiúl agus tháinig préachán chun é a ithe. Bhí mo sháith ite agam agus luigh mé siar le bolg a dhéanamh le grian.

Go tobann, mhothaigh mé pian uafásach i mo ladhar mhór! Bhain portán liomóg asam! Léim mé thart ag iarraidh fáil réitithe de agus rinne gach duine gáire.

“Sin do phionós as bheith ag sciobadh bia!” arsa daidí nuair a tháinig sé ar ais.



Freagair na ceisteanna seo.

1. Cá háit a ndeachaigh an teaghlach le picnic a bheith acu?
2. Cad é rinne na páistí óga ar an trá?
3. Cad chuige ar chuir Liam an ciseán picnice sa phuball?
4. Cad é a ghlac Liam ón chiseán picnice?
5. Cad é a tharla do Liam i ndiaidh dó an bia a sciobadh?

Obair Bhaile 5

rothar	rísín	ríomhaire	ramhar
raidió	roll	rith	rópa

Cuir na focail seo in ord aibítreach. Amharc ar an dara nó an tríú litir.

- raidió
- _____
- _____
- _____
- _____
- _____
- _____
- rothar

a b c d e f g h i
j k l m n o p q r
s t u v w x y z

Obair Bhaile 6

rothar	rísíní	ríomhaire	ramhar
raidió	roll	rith	rópa

Líon na bearnaí leis na focail agus na frásaí atá sa bhosca.

1. Is maith liom éisteach le ceol ar an _____.
2. Beidh tú _____ má itheann tú barraíocht.
3. Thig liom _____ go gasta.
4. Fuair mé bosca beag _____ do mo shos.
5. Imrím cluichí ar mo _____.
6. _____ an gasúr an mirlín ar an talamh.
7. Tá dhá roth ar _____.
8. Thig linn scipeáil le _____.



Obair Bhaile 7

Scríobh na habairtí seo amach agus scríobh an focal i gcló trom san uimhir iolra.

Leid: Cuir ‘f’ ag deireadh na bhfocal

an ráca

na rácaí

1. Ghlan daidí na duilleoga leis **an ráca**.
2. Chuala mé **ráfla** go raibh cóisir le bheith againn.
3. Chuaigh na páistí amach ar **an rafta**.
4. Roll na mirlíní síos **an rampa**.
5. Rith na reathaithe ag **ráta** gasta.
6. Chonaic mé **réalta** sa spéir.
7. Thug an rúnaí **an rolla** don mhúinteoir.
8. Bhí na cailíní ag súgradh le **rópa** scipeála.



Obair Bhaile 8

Rothaíocht

Bhí mé i mo shuí i mo sheomra luí, ag éisteacht leis an raidió agus ag súgradh ar mo ríomhaire nuair a tháinig mo mhamaí isteach.

“A Nóra,” arsa mamaí, “an bhfuil tú ag dul a bheith ag súgradh ar an ríomhaire sin an lá ar fad?”

“Bhuel, níl rud ar bith eile le déanamh,” a d’fhreagair mise.

“Tá tú ag ithe brioscáin phrátaí arís,” arsa sise. “Beidh tú ramhar gan mhoill má shuíonn tú ag an ríomhaire an lá ar fad ag ithe bruscair.”

Leis sin, d’ordaigh mo mhamaí dom an ríomhaire a mhúchadh agus, roimh i bhfad, bhí muid sa ghairdín, réidh don aclaíocht.

“Thig leat tosú le scipeáil,” arsa mamaí. “Seo duit an rópa.”

Rinne mé scipeáil fá choinne cúpla bomaite ach níor bhain mé sult as.

“Ní girseach bheag mé,” arsa mise le mamaí. “Tá mé ró-mhór don scipeáil.”

Shocraigh mo mhamaí ansin ar pheil a imirt agus roll sí an liathróid chugam.

“Ní gasúr mé,” arsa mise. “Ní maith liom peil.”

“An rachaidh muid ag rith?” arsa mamaí.

“Ní maith liom bheith ag rith.”

Leis sin, tháinig Liam abhaile ar a rothar. Thug sé an rothar ar iasacht dom agus chuaigh mé amach ag rothaíocht. Caithfidh mé a rá gur bhain mé an-sult as agus mhothaigh mé go maith nuair a tháinig mé abhaile arís.

“Tá aclaíocht maith duit,” arsa mamaí.

“Agus seo rud eile atá maith duit.”

Thug sí bosca rísíní dom.

“Tá cosc ar bhrioscáin phrátaí.”



Freagair na ceisteanna seo.

1. Cad é a bhí Nóra a dhéanamh ina seomra luí?
2. Cad é an chéad rud a rinne siad sa ghairdín?
3. Cad chuige nach raibh Nóra sásta leis an scipeáil?
4. Cad chuige nach raibh Nóra sásta leis an pheil?
5. Cad é a shíl Nóra den rothaíocht?

Obair Bhaile 9

stól	sorn	seomra folctha	subh
sconna	sásar	salann	sáspan

Cuir na focail seo in ord aibíteach. Amharc ar an dara nó an tríú litir.

- salann
- _____
- _____
- _____
- _____
- _____
- _____
- subh


a b c d e f g h i
j k l m n o p q r
s t u v w x y z

Obair Bhaile 10

stól	sorn	seomra folctha	subh
sconna	sásar	salann	sáspan

Líon na bearnaí leis na focail agus na frásaí atá sa bhosca.

1. Rinne mamaí súp sa _____ .
2. Chuir maimeo a cupán tae ar an _____.
3. Chuir mé _____ ar mo sceallóga.
4. Fuair mé deoch uisce ón _____.
5. Nigh mé m'aghaidh _____ _____.
6. Chuir daidí an friochtán ar an _____.
7. Is maith liom _____ mhilis ar m'arán rósta.
8. Shuigh mé síos ar an _____ sa chistin.



Obair Bhaile 11

Scríobh na habairtí seo amach agus scríobh an focal i gcló trom san uimhir iolra.

Leid: Cuir 'í' roimh an chonsan deiridh

an sáspan

na sáspain

1. Coinníonn muid **an sáspan** sa chistin.
2. Chonaic mé **an scamall** sa spéir
3. Is maith liom amharc ar **scannán** sa phictiúrlann.
4. Tá **sciathán** againn sa seomra folctha.
5. Bhí na páistí ag súgradh ar **an scútar**.
6. Chonaic mé **seangán** sa ghairdín.



Obair Bhaile 12

Rinne Daidí Pancóg

Ní maith le mamaí é nuair a dhéanann daidí béile sa chistin. Deir sí gur tubaiste amach is amach é sa chistin! Aréir, áfach, bhain muid sult as am tae mar bhí Lá na bPancóg ann agus shocraigh daidí go ndéanfadh seisean iad i mbliana.

“Glac sos, a mhamaí,” arsa daidí, “déanfaidh mise na pancóga i mbliana.”

Bhí cuma bhuartha ar mhamaí nuair a chuala sí na focail sin ach ní raibh cead aici cos a chur sa chistin.

Thosaigh daidí leis na comhábhair a bhailiú le chéile agus shuigh sé síos ar an stól; bhí plúr, uibheacha, bainne, subh mhilis agus salann aige. Fuair sé babhla agus mheasc sé an plúr, uibheacha agus bainne ann. Chuir sé cuid den mheascán sa sáspan agus chuir sé an sáspan ar an sorn.

“Fan go bhfeice sibh cé chomh hard a chaithim an phancóg seo san aer,” ar seisean. “Faigh sásar, beidh an chéad cheann réidh gan mhoill.”

D'éirigh daidí den stól agus thóg sé an sáspan. Chaith sé an phancóg san aer ach níor tháinig sé anuas arís! Ghreamaigh sé den síleáil! Fuair daidí spúnóg mhór agus sheas sé ar an stól ach thit an phancóg ar a aghaidh. Ní amháin sin ach thit daidí den stól agus thit an babhla leis an mheascán pancóg ann ar a cheann!

Bhí muidne sna trithe gáire ach ní raibh daidí sásta nó leath-shásta. Tháinig mamaí isteach nuair a chuala sí an trup agus chuaigh daidí go dtí an seomra folctha chun é féin a ní leis an uisce ón sconna.

Rinne mamaí na pancóga ina dhiaidh sin, agus chuidigh daidí léi nuair a tháinig sé ar ais. Bhí siad iontach blasta.



Freagair na ceisteanna seo.

1. Cén lá a bhí ann?
2. Cé a rinne na pancóga ar dtús?
3. Cad iad na comhábhair de phancóg?
4. Cad é a tharla nuair a chaith daidí an phancóg san aer?
5. Cad é a tharla nuair a sheas daidí ar an stól?

Obair Bhaile 13

tairne	tráidire	troscán	teaghlach
tinteán	triomadóir	tochail	tarraiceán

Cuir na focail seo in ord aibíteach. Amharc ar an dara nó an tríú litir.

- tairne
- _____
- _____
- _____
- _____
- _____
- _____
- troscán

a b c d e f g h i
j k l m n o p q r
s t u v w x y z

Obair Bhaile 14

tairne	tráidire	troscán	theaghlach
tinteán	triomadóir	thochail	tarraiceán

Líon na bearnaí leis na focail agus na frásaí atá sa bhosca.

1. Chuir mamaí na plátaí ar an _____.
2. Thriomaigh mé mo ghruaig leis an _____.
3. Cheannaigh mamaí _____ nua don chistin.
4. _____ daidí poll sa ghairdín.
5. Chuir daidí tine síos sa _____.
6. Chuir mé mo leabhar sa _____.
7. Chuaigh mé ar saoire le mo _____.
8. Chuir daidí _____ sa bhalla le pictiúr a chrochadh.



Obair Bhaile 15

tirim - níos tirime

trom - níos troime

te - níos teo


tuirseach - níos tuirse

tanaí - níos tanaí

tábhachtach - níos tábhachtaí

Comhlánaigh na habairtí seo leis an chéim chomparáide ceart.

1. Tá eilifint **trom** ach tá míol mór níos _____.
2. Bíonn an t-earrach **te** ach bíonn an samhradh níos _____.
3. Bhí an gasúr **tuirseach** ach bhí an ghirseach níos _____.
4. Tá an madadh **tanaí** ach tá an cat níos _____.
5. Tá an Béarla **tábhachtach** ach tá an Ghaeilge níos _____.
6. Tá an geansaí **tirim** ach tá an léine níos _____.



Obair Bhaile 16

Obair an Tí

Daidí bocht. Ní stopann sé den obair in am ar bith. Bhí sé amuigh sa ghairdín ag tochailt lá amháin nuair a tháinig mamaí amach chuige.

“Ar chroch tú an pictiúr sin?” ar sise.

Leis sin, chuaigh daidí isteach sa teach, fuair sé casúr agus tairne agus chuir sé an tairne sa bhalla. Chuir sé an pictiúr in airde go dtí go raibh mamaí sásta go raibh sé díreach.

“Tá sé iontach fuar,” arsa mo dheartháir beag,

Leis sin, fuair daidí na lastóirí tine agus chuir sé tine síos sa tinteán.

“An bhfaca tú an triomaitheoir gruaige?” arsa mo dheirfiúr mhór.


Leis sin, chuaigh daidí isteach sa chistin, d’oscail sé an tarraiceán agus ghlac sé an triomaitheoir gruaige amach.

“Ba mhaith liom an troscán sa seomra suí a bhogadh thart,” arsa mamaí.

Leis sin, thosaigh daidí ag bogadh an troscáin thart sa seomra suí go dtí go raibh mamaí sásta leis an chuma a bhí ar an seomra.

Ina dhiaidh sin, bhí an teaghlach uilig sásta agus shuigh daidí síos ar an tolg. I ndiaidh cúpla bomaite, tháinig mamaí isteach le tráidire. Bhí cupán tae agus plátaí brioscaí ar an tráidire.

Ghlac daidí sos beag agus d’ól sé an cupán tae s’aige. Nuair a bhí sé críochnaithe, chuaigh sé amach sa ghairdín agus thosaigh sé ag tochailt arís.



Freagair na ceisteanna seo.

1. Cad é a bhí daidí a dhéanamh sa ghairdín?
2. Cé a bhí fuar?
3. Cá raibh an triomaitheoir gruaige?
4. Cad é a bhí ar an tráidire a thug mamaí isteach?
5. Cad é a rinne daidí i ndiaidh dó an cupán tae a ól?

Obair Bhaile 17

uachtar reoite	veain	ubh
uisce	uaireadóir	veist

Cuir na focail seo in ord aibítreach. Amharc ar an dara nó an tríú litir.

- uachtar reoite

- _____

- _____

- _____

- _____

- _____

- _____

- veist


a b c d e f g h i
j k l m n o p q r
s t u v w x y z

Obair Bhaile 18

uachtar reoite	veain	ubh
uisce	uaireadóir	veist

Líon na bearnaí leis na focail agus na frásaí atá sa bhosca.

1. Fuair mé _____ mar bhí an lá te.
2. Chuir mé _____ thart ar mo rosta.
3. Téann mo dhaidí chuig obair i _____.
4. D'ith mé _____ agus arán rósta do mo bhriceasta.
5. Thug mé buidéal _____ ar scoil liom.
6. Caithim _____ faoi mo léine.



Obair Bhaile 19

Scríobh na habairtí seo amach agus scríobh an focal i gcló trom san uimhir iolra.

Uimhir Uatha	Uimhir Iolra
uair	uaireanta
uaireadóir	uaireadóirí
ubh	uibheacha
uimhir	uimhreacha
úll	úlla
vása	vásaí

1. Is maith liom **ubh** a ithe don bhriceasta.
2. Coinníonn mamaí **uaireadóir** s'aici i mbosca.
3. Scríobh mé **uimhir** ar an leathanach i mo leabhar mata.
4. Itheann siad **úll** don sos s'acu.
5. Chaith an gasúr **uair** ag súgradh ar an ríomhaire.
6. Chuir mamaí bláthanna i **vása**.



Obair Bhaile 20

Lá ar an Trá

Ní minic a bhíonn aimsire dheas againn in Éirinn ach is maith le daidí dul chuig an trá don lá má tá an ghrian ag soilsiú sa spéir.

Sin an cineál aimsire a bhí ann ar an Satharn nuair a dúirt daidí. “Gach duine isteach sa veain, tá muid ag dul chuig an trá!”

Léim gach duine le háthas agus thosaigh muid uilig ag déanamh réidh don turas chuig an trá. Chuaigh mamaí isteach sa chistin agus rinne sí picnic. Rinne sí ceapairí uibheacha, agus fuair sí cúpla buidéal uisce agus cúpla úll.

Chuaigh daidí thart ar an teach ag amharc do na heochracha s’aige agus don uaireadóir s’aige, shíl sé go raibh siad cailte. Ar ndóigh, bhí na heochracha faoi rud éigin ar an tábla ag an doras agus bhí a uaireadóir taobh leis an doirteal sa seomra folctha. Sin an áit a mbíonn siad i gcónaí!

Fuair mé féin mo chulaith snámha agus leabhar. D’iarr mamaí orm uachtar gréine a fháil agus fuair mé veist do Liam, mo dheartháir beag, ar eagla go mbeadh sé griandóite ar an trá.

Faoi dheireadh thiar thall, bhí muid réidh agus d’imigh muid linn. Ba mhór an spórt a bhí againn ar an trá ach is é is fearr liom ná cón uachtar reoite a ithe nuair atá sé iontach te.



Freagair na ceisteanna seo.

1. Cad é mar a chuaigh siad chuig an trá?
2. Cad é a rinne mamaí don turas chuig an trá?
3. Cé leis an veist a fuair an t-údar?
4. Cad é a shíl daidí a chaill sé?
5. Cad é an rud is fearr leis an údar faoi lá a chaitheamh ar an trá ar lá te?

Léitheoireacht / Reading

Lá / Dáta Day / Date	Leabhar Book	Leathanaigh Pages	Inisileacha Initials
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			

An Luan/Monday
An Chéadaoin/Wednesday

An Mháirt/Tuesday
An Déardaoin / Thursday